





**LEANNIN DUBH
GAELACH**

**LEANNIN DUBH
DO GHAEIL**

**COMÓRTAS AMHRÁN
NUACHUMTHA 1991**





NÍ BEOIR GO DTÍ É

URRAÍOCHT
COMHLACHT HEINEKEN & MURPHY
ÚDARÁS NA GAELTACHTA
RAIDIÓ NA GAELTACHTA
ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN
BORD NA GAELGE
BANC NA hÉIREANN (An Cheathrú Rua)
AN tOIREACHTAS
BANC AONTAS ÉIREANN (An Cheathrú Rua)
FÁILTE AN IARTHAIR

C L Á R

AMHRÁN CEOIL

Is Linne an tSaoirse
 Comhairle an tSeanfhir
 An cailín a Diúltaíodh
 An Grá
 Tá mé ag cuimhneamh
 ort Anocht.
 Na Corra
 Dáibhí
 Amhrán Vailintíneach
 Suaitheadh Farraige
 Cuimhneoidh Mise Ort
 Brídín Beag Bán
 Amhrán Bhríde
 An Mhaighdean Mhara
 Bóithrín Bhó Bhrocháin
 An Cheathrú Rua.
 An Laoch
 Bacach na mBóithre
 Saol an Lae Inniu
 Caoineadh an Ghabha Ghaelaigh.
 Solas don Lá
 Sólás gan Súró
 Rap Ardeiste
 Cor na Móna
 Deoraíocht an Bháis
 Caoineadh an Chairdinéil
 Olagón Róise
 Teachain Tréighe
 An Ráclach
 Inis Fódla
 Na Turtair

CUMADÓIR

R. Ó hEartáin.
 Ú. Seoige.
 O. Grant
 P. Ó Maoláin.
 D. Ó Colchúin.
 S. Ó Curraoin.
 D. Ó Gráinne
 C. Ó Coigligh
 S. Ó Neachtain.
 C. Ó Fátharta.
 C. Ó Féinneadha
 B. Mhic Dhonncha
 D. Ó Colchúin.
 P. Ó Scarláin.
 T. Mac Eoin.
 C. Ní Chonaola.
 C. Ó Finneadha.
 M. B. Ní Dhonncha
 L. Ó Donnachadha.
 C. Ó Aif Mac Airt
 E. Uí Chonaill.
 C. Ní Chonaola
 B. Mhic Dhonncha
 M. Seoige
 T. Mac Diarmada
 T. Ó Flaithearta
 D.A. Ó Fátharta
 D. Ó Gráinne
 M. Ní Chatháin.
 Na Cúntóirí.

FONNADÓIR/GRÚPA

R. Ó hEartáin.
 P. Ó Flatharta.
 O. Grant.
 Dúrling.
 C. Ní Flatharta.
 Dóchas Éireann.
 M. Uí Chéidigh
 C. De Bláca.
 An Dr. Mícheál.
 B. Mhic Dhonncha
 Dúrling.
 M. Ó Fátharta.
 T. Mac Eoin.
 Seabhthrán.
 Cillín & M.B. Ní Dhonncha.
 L. Ó Donnachadha.
 Táin Bó
 É. Uí Chonaill.
 R. Rap & Na Rapairí.
 P. Ó Flatharta.
 M. Seoige.
 M. Ó Fátharta.
 M. Uí Dhroighneáin.
 G. Seoighe.
 Na Cúntóirí.

Is Linn an tSaoirse.
Roibeard Ó hEartáin.

Chuas ag siúl ar chosán glas
Tríd páirceanna cas i dtreo na farraige
Spéir ghealghorm rós bán faoi bhláth
Sruthán geal lán ag scoilteadh na carraige
Londubh buí chonacthas tráth.

Curfá:
Ach pleascann na buamaí, piléir ag screadadh
Tógann an plaisteach saol, marú gan bhrí
Leanaí ag caoineadh marbháin arís
I mbaois na linneagus briseadh croí
Is linne an tsaoirse in ainneoin na dtrúpaí.

Creagacha garbha, trá bhán mhín
Glasóigin mara go binn ag canadh
Feamainn fhlíuch rón gliúcach
Portán ag sciúrdadh gaineamh le fána
Tonnta toimeacha i bhfarraigí bána.

Curfá.

Leaba lom i gclillín dubhach
Fallaf fuara, iarann crua i bhfuinneoigín,
sceimhlitheoirí stáit, dlí an doirn,
Céasadh is sceon rialtas soip gan muinín,
Fuisseog fhuilteach le 75 Bliain.

Coiste Chomórtas na hAimhrán 1990
Séamas Ó Cualáin, Cisteoir; Máire Uí Iarnáin, Rúnaí; Seosamh Mac Donncha, Oifigeach
Caidreamh Poiblí; Tomás Mac Con Iomaire, Cathaoirleach.



Comhairle An tSeanfhir.
Úna Scoige.

Ó cuimhneoidh mé go deo
Rud a dúirt seanfhear liom fadó
Is mé i mo pháistín beag sa mbaile
Ó tar a mhíle stór, is suigh síos
liom ar an stól,
Go dtabharfaidh mé duit comhairle do leasa.

Curfá.

Ag éirí duit ar maidin,
Iarr cabhair ar Rí na nGrást',
Ó déanfaidh sé 'tú stiúradh
Is tú tabhairt as chuile ghábh;
Dul 'chodhladh duit san oíche,
Glac buíochas leis dá réir,
Ná dearmad na focla sin
Agus mise ag tabhairt an fhéir.

Ó d'imigh blianta fada
Agus mise ag fás suas,
Nuair a théadh rudaí trína chéile
orm,
D'airinn cogar i mo chluais,
Is d'fheicinn scáil an tseanfhir,
Amach romham ins an ród;
Ó beannacht Dé le t-anam,
Nach é an feall tú bheith faoin bhfód.

Is iomaí cor sa saol seo
Is iomaí bóthar a théann cam,
Is iomaí crois a bhíonn le hiompar 'ainn
Is muid ag dul ó lá go lá;
Ach cuimhnigh ar fhocla an tsheanfhir úd
A d'oibrigh an saol go crua,
Fós bhí meangadh gáire air,
Is a chois ar bhéal na huaighe.

Ó, feicim uaim an cnocán
Ar a mbíodh sé ina shuí;
Bhíodh a mhaide faoin ucht aige
Is é ' faire orainn ag spraoi,
Is uaireanta sea deireadh sé
Nach aoihbhinn daoibh ' sibh óg
A, tá sibhse ag tús an líne
Ach tá mise ag deireadh an róid.

LET'S BUILD YOUR DREAM HOME...
IN THE WEST OF IRELAND!
EXTENDABLE WARM HOMES
WE BUILD ON YOUR SITE...FAST!
Níl aon tinteán mar do éindeán féin

TOP QUALITY
AGUS MUIDE IS FEAR!
FREE PLANNING + SURVEY SERVICE

AN-ÍAR-SÁD
BAIL Ó JA ORAIB AGUS FÁILTE ABAILÉ

AR B'CIÉ CAR BARR
CONSTRUCTION INDUSTRY ASSOCIATION

PETER WALSH CONSTRUCTION
"THE PINES", BALLYBANE ROAD, GALWAY.
PHONE - ANYTIME - 091-559555
FAX - ANYTIME - 091-525554
INTERNATIONAL +353 - 91+NUMBER
SEND £3 FOR COLOUR BROCHURE

7

An Cailín a Diúltaíodh
Oscar Grant.

Is fuar ar bharr an tsléibhe,
Is brothallach thíos sa ngleann,
Ach is fearr liom idir eatarthu,
Is ann a chónaíonn Dan.

Curfá:-

Is trua liom cailín ina haonar,
Ochón, mo bhrón, mo chrá,
Gan duine ar bith mar ghrá geal di,
Gan síochán, oíche ná lá.

Sé Dan m' fhear speisialta,
Is mise a mhíle stór,
Ní féidir ár ngrá a bhriseadh,
Do cheap mé, maith go leor.

Curfá

Ar laethanta saoire a chuaigh sé,
Don Chosta Brava sa Spáinn,
Ansin do fuair sé cailín,
Dathúil, gleoite, glan.

Curfá

Bhí gruaig dhorcha uirthi,
A béilín chomh dearg le fuil,
Shílfeá gur ag marí caorach
A bhí sí, le do thoil.

Curfá

Chím an bheirt ar Aifreann,
Gach Domhnach i rith na mbliain;
Cuireann sé crá croí orm,
Is mór gráinmharbh mo chroí.

Curfá

Is mise an cailín a diúltaíodh,
Is mise an bhean gan fear,
Deora ar mo philiúirín,
Gach oíche, gan codladh sámh.

Curfá

Táid pósta anois le blianta,
Níl páistí ar bith acu,
Tá triúr créatúirí agamsa,
Mo láimhín gan fáinne óir.

Curfá

Tá an t-ainm 'DAN' ar cheann acu,
Is é 'na bhuachaillín láidir, breá,
Is ionadh liom gur dheineas sin;
N'fheadar an domhan cén fáth!

An Grá
Peadar Ó Maoláin.

Nach mairg a rá nach cloíte an galar an grá
Níl maith dá shéanadh is agamsa féin atá fhios
An cailín ar thugas grá di - ní raibh agamsa le fáil
Is nach é sin chur i gCill mé i bhfad bhfad roimh am.

Nuair a smaoiníonn mé siar ar na laethanta d'imigh
Nach é an saol a bhí suaimhneach, gan bhuaire gan tinneas
Nach é m'intinn ' bhí sásta, de ló is d'óiche
Is mé ag siúl le mo ghrá cois trá is toinne.

Tús an Earraigh, is na héin ag seinm
Is an dúlra faoi dhraíocht ag blátha na cruinne
Ag caint le mo ghrá sa gcomhrá is binne
Dúirt sí an t-am sin nach mbeadh aon fhear eile aici choíche.

Glór na cuaiche bíonn fáilte roimhe
Bíonn an aimsir níos fearr is an lá níos faide
Ach faraor géar ní mar sin a bhí domsa
D'imigh mo ghrá uaim, is d'fhág agam croí briste.

Ní mórán anois is fiú mo thréithe
Tá poll i mo chroí nach líonfar choíche
Tá mo chosa chomh trom nach siúlfaid a thuilleadh
Tá mé ag fáil níos gaire do chre na cille.

Táimse ag fanacht le scéala ó d'imigh sí
Is faide liom lá ná bliain is trí mhí
Ach maidin amháin, cois tine is mé i mo shuí
Tháinig agam tríd an doras - litir fhada chaol.

Do dhearcas anonn go géar is go grinn
D'aithníos a láimhscríbhinn ó mheabhair mo chinn.
Níor chreid mé mo shúile nuair a léas í
Seo mar a bhí scríofa ag stór mo chroí.

Dá leanfaínn An Bíobla nó Focla Chríost
Ní dhéanfainn beart a bhfuil náir' orm faoi,
Ach an chloch a chaitear níl greim uirthi choíche
Anois táim ag codladh sa leaba mar ar chóirís féin í.

Shúleas tamall nach n-imeofá uaim choíche
Go mbeadh tú mar chéile agam, togha bean tú;
Ach nach iomaí sin casadh a thagann inár saol
Ach sé an grá a d'fhág mise gan mórán brí.

Tá Mé Ag Cuimhneamh Ort Anocht.
Dónall Ó Colchúin

Tá mé lag is mo chroí istigh briste
ó d'fhág tú mé' nós duine bocht,
Ach mar sin féin tá mé go sioraí
'S go seasta ag cuimhneamh ort anocht.

Curfá -

Tá an bháisteach ag titim i rith na hoíche
Ag inseacht dom nach orm 'tá an locht,
Gur tú a d'éalaigh gan slán a fhágáil
Ach a stór , tá mé ag cuimhneamh ort anocht.

Ó, d'imigh tú tá an saol seo uaigheach
Is ar éigin airím mo chroí im ucht,
Agus cé go bhfuil tú i bhfad ó bhaile
Mar sin féin tá mé ag cuimhneamh ort anocht.

Curfá -

Tá an bháisteach ag titim i rith na hoíche
Ag inseacht dom nach orm 'tá an locht,
Gur tú a d'éalaigh gan slán a fhágáil
Ach, a stór, tá mé ag cuimhneamh ort anocht.

An lá ar imigh tú bhí mé trína chéile
Ní raibh mé in ann ag an mbuille docht,
Ach anois tá deireadh leis an tseafóid
Is beidh mé ag cuimhneamh ort anocht.

Curfá -

Tá an bháisteach ag titim i rith na hoíche
Ag inseacht dom nach orm atá an locht,
Gur tú a d'éalaigh gan slán a fhágáil
Ach, a stór, tá mé ag cuimhneamh ort anocht.

Na Corra
Seán Ó Curraoin

Deirte linn
Nuair a bhíomar óg
Gur churaidh cróga
A thit san ár
Na corra móra a eitlíonn leo
Thar chnoc is gleann is linn is má.

Ó shin i leith go dtí an lá inniu féin
Nuair a fheictear corr ag glaoch sa spéir
Bíonn cluas is tost arís ar chách
Nuair a chloistear faí na coirre tréin'.

I dtuortha i gcéin
Feictear corra fós
Ag eiteall nóin is deireadh lae
Mar d'imíodh leo san am fadó
Ar mhuin eich mhear chun catha is céad.

Agus nuair a eitlíonn siad chun radhairc
Glaonn siad ar a muintir féin
B'shin é an fáth gur beo inár gcaint
Faí is laoi na coirre tréin'.

Siúd leo ina rás siar sa spéir
"A chairde groí is a fheara fáil!"
Is feictear spás san ealta ag tíocht
An linne an spás le líonadh ar ball ?

Lá éigin imeoimid sa scaoth
Beimid ag eiteall leo sa spéir
Is tusa anseo ar domhan inár ndiaidh
Ag éisteacht lenár laoi is céad.

Dáibhí
Diarmuid Ó Gráinne

Tá an geimhreadh seo ag teacht fuar
Tá an bháisteach dhubh ag leathadh,
Tá mo chroí chomh dubh le gual,
Ó d'imigh tú uaim,

Mór mo chrá, mór mo chrá go deo fad mhairfeas.

Bhí an samhradh buí ar bhrúach,
Bhí na héin ag ceol is ag cantain,
Bhí na beacha ag seinm poirt,
Ag dordánaíocht ó bhláth go haiteann,
Nuair a thit mé i ngrá, thit mé i ngrá le Dáibhí.

Bhí mé óg is mé gan chéill,
Bhí mé bocht is mé go caifeach,
An crúsca lán ar bord go fonn
Nuair bhuaileas lá le Dáibhí,

Ó chaill mé dúil, chaill mé dúil in ól is i ragairne.

Shuigh sé síos ag bord lem thaobh,
Bhí a chorp chomh caol le heascann,
Ag a shúile donn 'bhíos faoi dhraíocht
Is a ghruaig mar áirne ar dhroighneán sceachach,
Ó sciob mo chroí, sciob mo chroí
Mar thonn ag scoilteadh roimh an gcarraig.

Labhair sé liom go bog, go caoin,
Bhí a ghlór mar im, mar uachtar bainne,
Bhí a bheola lán de mhian,
Bhíos faoi dhraíocht, bhíos meallta,
Ó mór mo chrá, mór mo chrá
Nuair smaoiním siar ar laetha meala.

Chumar beirt ag siúl cois abhann,
Labhair an t-uisce linn go ceanúil,
Na cearca uisce ag déanamh spraoi,
Ba linne, an óige, an saol seo feasta,
Ach bhí rud eicint san aer míbhuíoch,
Thit duille feoite ar na leaca.

Casadh a athair orm lá,
Bhí sé postúil, morálach, maslach,
"Scrathóg sráide ní bheidh ag mo mhac"
'S d'fhág sé mise go dubhach, creathach,
Mór mo náir', mór mo náir',
Scoilt an croí mo lár le masla.

Táim im shuí anseo sa gclúid,
Ag smaoinéamh siar ar laetha meala,
An fuisce te ag dó mo scóig',
Fad ' thiteann scáilí geimhrídh tharam,
Ó Dháibhí óig, Ó Dháibhí óig
Fanfaidh do shamhail liom go deo fad mhairfeas.

Amhrán Vailintíneach Ciarán Ó Coigligh


Amhrán Vailintíneach a dhéanfad do mo ghrá;
Ortha nach díomhaoinéach a ruaigfeas buairt is crá.
Dá mbeinnse sa Tír Mhuimhneach ba ghruama féin mo rá
In éagmais chrua m'fhíormhaoineigh míshuaimhneach ar an trá.

Amhrán Vailintíneach a reicfear gach uile lá
I gcomhluadar nach bruineach a éistfeas leis le bá.
Téarma coirintíneach a bheith scartha léi gan ghá;
Is léir gurb í mo ríonach í is coinnilín glan mo ghrá.

Amhrán Vailintíneach a inseois duit cén fáth
gurb inti atá an fíormhianach agus gurb ormsa atá an t-ádh
Bheith ag siúl le scoth na gcaoifeach - pabhsae í faoi bhláth.
Go raibh mé léi i gcomaoineach choíchin is go brách.

Amhrán Vailintíneach do mo ghrá atá i bhfad i gcéin
Is mé i ndeoraíocht róchianach is mé faoi anró trom an léin
Má tá ár ngrá muiníneach ceannsóidh muid an scéin
Is triallfaidh mé ort féineach ag cothú an ghrá is an tséin.

Amhrán Vailintíneach a dhéanfad do mo ghrá;
Ortha nach díomhaoinéach a ruaigfeas buairt is crá.
Dá mbeinnse sa Tír Mhuimhneach ba ghruama féin mo rá
In éagmais chrua m'fhíormhaoineigh míshuaimhneach ar an trá.



Buaiteoirí an Amhráin le Tionlacan, Comórtas na
nAmhrán Nuachumtha 1990 agus ionadaithe na
hÉireann ag an bhFéile Pan Cheilteach: Cristín Ní
Fhlatharta agus a grúpa ceoil as An Spidéal a chas an
t-amhrán a chum Diarmuid Ó Gráinne: Deireadh an
Domhain



muntearas

togra oideachais gaeilteachta

urraithe ag

Fundúireacht Bernard van Leer

agus

Údarás na Gaeltachta



LEITH MÓR GAILLIMH
FAX 091 871145/871155
FACS 091 871145

Scéim Réamhscoile do Thuismitheoirí
Scéim Tacaíochta do Bhunscoileanna
Scéimeanna don Óige

Ag obair i gCorcha Dhuibhne, Coramara, Tír Chonaill
agus ar fud na Gaeltachta.

Tuismitheoirí, muinteoirí agus an pobal ag obair as lámh a chéile
ar mhaithe le oideachas agus forbairt a bpáisli.

Bí Linn

Suaithheadh Farraise

Joe Steve Ó Neachtain

Mo dhíomú dhuit
mar fharraige
Tá do dhroim inniu
ina chlár
Gan oiread is roc
sa gcráiceann 'ad
Is tú 'mealladh éanlaith ar snámh;
Gaetha gréine
ag damhsa ionat
idir Árann is Contae an Chláir
Is an taoille tuile
ag lapaireacht
ina comhrá leis an trá.

Ach ní mheallfaidh tú
le háilleacht mé
mar mheall tú grá mo chléibh
Is gan é 'iarraidh
ach cúpla gliomach ort
is blas sáile bheith ar a bhéal;
Ach d'ionsaigh tú sa gcurrach é
Is bháigh tú é le maidhm;
D'fhág tú ag siúl na gcladaí mé
i mo bhaintreach le mo shaol.

Nach deas mar chaoín
na faoileáin é
le maidneachan an lae
Is bhí uaigneas
ar an ngairfean
ag éisteacht le mo scéal
Ach ní raibh aon trua agatsa
don chroí a bhí dhá chrá
Chaith tú taoille cháite liom
is ba fuairé thú ná an bás.

D'impigh mé is scread mé ort
go híseál is go hard
A chorp a chaitheamh
sa gcladach 'am
nó thoir i gciúmhaís na trá
Ach thug tú do na portáin é
Is a Chríost nach mór an ní
Bheith sínte ar feadh
na síoraíochta
Is gan do ghrá geal
le do thaobh.



Buaiteoirí an Amhráin gan Tionlacan, Comórtas na nAmhrán Nuachumtha 1990 agus Buaiteoirí Chomórtas an tSean-nois ag an bhFéile Pan Cheilteach i gCill Áime: Tom Pheadaí Mac Diarmada a chum "Na Filí Fáin" agus Máirtín S. Ó Fátharta a chan.

Cuimhneoidh Mise Ort. Ciarán O Fátharta.

Cuimhneoidh mise ort
nuair nach gcuimhneoidh mé
ar dhaoine mór le rá.
Cuimhneoidh mise ort
mar gur roinn tú liom
do shaol agus do ghrá.
Mar is duine aoibhinn álainn thú
thug misneach mór don té ba lú,
is a chuir go leor ded am amú
ag éisteacht le mo phort;
Ach go dtiocfaidh deireadh lenár rás
nó go bhfillfidh an duine ar ais ón mbás,
fad bheas uisce ag rith is féar ag fás
Cuimhneoidh mise ort.

Cuimhneoidh mise ort
nuair nach gcuimhneoidh mé
ar nithe a tharla inné;
Cuimhneoidh mise ort
is cuma beo cén té
a bheas 'mo chlé.
Mar gur tú thug léargas dom san oíche
a choinnigh mé i gcóir 's i gcaoi
threabh is chuir tú stol 'mo chroí
mar a threabhaí is a chuirfí gort.
Go deo go n-ólfar léann na bhFiann
nó go gcasfaidh an ghealach ar an ngrian
nó go mbeidh an saol seo saor ó phian
Cuimhneoidh mise ort.

Cuimhneoidh mise ort
nuair nach gcuimhneoidh mé
ar an dream raibh a'm leo gaol;
Cuimhneoidh mise ort
go brách nó go dtiocfaidh
deireadh le mo shaol
mar gur tú an phréamh a scéith' ar aghaidh
is a d'fhás mar Rós taobh thall den chlaí,
an Rós nár theastaigh aon cheo uaidh
ach spás a fháil sa ngort;
nó go n-íompóidh an saol seo ar ais mar bhí
nó go bhfeicfidh an duine dath na gaoith'
deirim leat anois is choíche'....
Cuimhneoidh mise ort.

Ó, go stopfaidh an bhó ag ithe an fhéir
nó gclisfidh an glór ar éanlaith an aeir
thar chuimhní eile an tsaol go léir..
Cuimhneoidh mise ort.

Brídín Beag Bán
Cóilín Ó Finneadha.

Brídín Beag Bán, an cailín deas lách,
A d'fhág againn slán agus d'imigh sí léi
Go Boston léi sall, áit a bhfuil dollars di i ndán
Ach fásann an crann ar a mhalairt de sóéal.

Is fíor dom a rá go bhfuil uaigneas san áit
Gol ag na mná agus caoineadh dá réir,
Fiú amháin an crann a bhí curtha a'd sa lán
Thit di an bláth is d'at a phréamh.

A Bhrídín Bheag Bháin, an bhfuil tú dúinn i ndán
An gean, an grá agus an t-ádh a bheith liom
Ach sílim, a ghrá, go raibh orm mí-ádh
Nuair a chuaigh tú don Stát, ní thuigim go ró-mhaith é.

Na hainmhithe sa bpáirc tá uaigneas orthu ann
Mar ní itheann siad aon slam ná plaic den fhéar,
"Mú" arsa an bhó "an bhfuil i ndán dúinn aon cheo
Ach cá bhfuil an cailín a thabharfadh dúinn 'seoigh.?"

Níl sí san áit ach tá sí sna Stáit,
ach nach iomaí sin lá a shiúil tú
Rothar le mo sháil is maide i mo láimh;
Bagairt is fógairt is tuilleadh fós le réiteach.

Do mháthrán léi féin ag imeacht go réidh
Is níl fanta aici anois mórán den spré;
A spéacláirí fada ag síleadh léi
Ach fillleann sí anois ar a clúid.

Is é mo bhrón gur imigh ach is é mo dhóchas go bhfillfidh
Ach cibé céard a bhíonn i ndán do chlann
Is fearr dóibh bheith ar fán ná bheith ag síleadh
Is a bheith ag fillleadh ar ais chun na hÉireann.



Forbairt Chultúrtha Shóisialta
agus eacnamaíochta na Gaeltachta
... sin dúshlán Údarás na Gaeltachta


ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Na Forbacha, Gaillimh (091) 92011

Noel Mac Donnacha

AN CHEATHRÚ RUA
*Busanna ar Hire * Turais Scoile*
*Bingo * Portach.*
Sa mbaile agus thar lear.

Fón 95111.



Amhrán Bhride.
Bríd Bn. Uí Dhonnacha

Thug mé grá do chailín breá, bliain agus an lá inné,
Dúirt sí liom an lá sin, a bheith ag fáil faoi réir,
Ach bhí sé dá fheiceáil dom, gur ag magadh a bhí sí féin,
Ach dúirt mé léi ina dhiaidh sin, go mbeadh gach rud o.k.

Ag dul síos go dtí an trá dúinn, rug mé ar a méir,
Thóg sise a lámh uaim, 's dúirt sí "lá an grá imithe i léig"
Ach bhí 'fhios agam an t-am sin, go raibh fuath aici dom féin,
Ach faraoir géar dearcach an lá sin, nach sa gré a cuireadh mé.

Tá an áit seo anois dubh dorcha, agus mise anois liom féin,
Tá mo chroí chomh dubh le háirne, agus cé thógfadh orm é,
Ach, a Rí na Glóire, céard a dhéanfas mé i ndiaidh grá geal mo chléibh,
Mé fágtha anois gan aon duine agam, le breathnú i mo dhiaidh.

Nuair a théimse suas ar thaobh an chnoic agus nuair a bhreathnaímse thart,
Feicim na bláthanna ag fás le taobh a chéile, ag méadú ina neart,
Sea smaoiním ar an ógbhean úd, ar thug mé grá di tráth,
Briseann na deora le mo shúile, is a Rí na Glóire cuir mé ar mo leas.

Nach iomaí rud a bhíonn le dul tríd ag duine, le smaoinreamh air i gceart,
Nuair a mheallfadh cailín óg tú lena béilín binn deas,
Bhí mo chroíse chomh haerach an t-am sin, le héinín ar an sceach,
Ach ina dhiaidh sin féin d'fhág sí mé, 's mo chroí dubh lag.

An Mhaighdean Mhara.
Dónall O Colchúin.

Casadh ógbhean orm ar an trá,
Agus ar an bpointe boise bhí mé i ngrá
Leis an spéirbhean álainn seo a tháinig i mo threo,
Bhí a súile chomh gorm leis an spéir
A gruaig ar dhath an óir agus na réalta,
Agus leis an mbruineall bhéasach seo is ea phreab mo chroí go beo.

Curfá:

Labhair mé lei,
Agus d'fhiafraigh mé di cérbh as í,
Ach mo léan géar,
Níor thug sí freagra orm.
Ansin is ea cheap mé,
B'fhéidir gur ón Spáinn í,
Agus go bhfuil sí i bhfad ó bhaile.
Tháinig meangadh
Ar a béilín meidhreach,
Las a súil,
Ar nós an ghrian sa samhradh;
Chroith sí a cúilín,
A thit anuas ar a guaillí
Ach níor thug sí freagra orm.

Bhí daoine ag teacht as gach uile áit.
Ag spraoi, ag siúl agus cuid acu ag snámh,
Agus tuilleadh fós ag iascach ar an domhain,
Bhí mo ghrá geal fós ag breathnú thart,
Gan focal uaithi ceart ná mícheart,
Is mise ansiúd ag fanacht léi go labhródh sí liom.

Curfá:

D'éirigh sí d'aon iarraidh amháin
Is chuaigh de léim amach sa sáil',
Agus sin é an chaoi ar scar mé agus mo chara,
Agus amach léi Cuan an Fhir Mhoir
Ar nós gleiteog a bheadh ag dul le cóir,
Sin mar d'imigh uaim mo ghrá geal
Agus mo mhaighdean mhara.

Do Mháirtín
Bóithrín Bhró Bhrocháin
Pádraig Ó Scanláin

Is fada ag dul an bealach mé go moch agus go mall.
Trí bhoithrín casta sléibhe ag dul soir in aghaidh an aird
Ag breathnú ar mo chailín bocht an bhfuil sí tinn nó an bhfuil sí slán,
Cailín bharr an bhaile thoir i mBaile Bhró Bhrocháin.

Tá a grua ar nós na heala, a béilín tá sé tláith,
Tá cúlín fada gruaige uirthi ceanglaithie suas le ribín bán;
Níl a fhios ag an gcailín seo anois go bhfuil sí go breá,
Ach feiceann fir lena súile é gur mar sin féin atá.

Shíl mé í a mhealladh óna hathair is óna máthair
Ach bhí scáth aici fúm, nuair a tháinig mé ar an láthair;
Ní dhéarfadh mé aon bhréag léi, ach beidh mé díreach agus teann
Osclóidh mé mo chroí di, mar níl an mhaith bheith cam.

Níl aon jab ag mo stóirín bocht i bhfactory san áit,
Ní bhaineann sí móin ná fataí, ná ní threabhann an talamh bán
Ach ag dul chuig damhsaí, ceol, agus amhráin,
Is bíonn sí thiar Tí Darby in éineacht le cailíní na nOileán.

Ná tar amach a stóirín, ach fan istigh san áit
Níl na leids sin ach ag iarraidh cailín is tá a fhios a'd féin cén fáth;
Déanfaidh siad tú mhealladh le comhrá binn a mbéil
Ach is é an sofa a bheas ar ball acu tar éis bloigimín den tae.

Ná bíodh tusa anois ar an mbealach sin, ná téigh, a dheifiúir, ar strae,
Nó beidh tú ag caint le Angela, bean an Woman's Way,
Níl sa saol seo uilig anois ach caint is cur i gcéill,
Níl an fhúinne ag Angela, níl aici ach staic de bhréag.

Ach ná déanadh tú aon deamadh ach pós do mhuintir féin,
Fear as Conmara, is sa leaba gheobhfaidh tú tae,
Beidh agaibh cupla gasúr anois, le cúnamh Dé,
Is breá happy bheas an bheirt agaibh i dteacháin beag libh féin.

Is thug mise grá duit, a Áine, nár thuig aon fhear sa saol;
Chaoin mé thú sa leaba nuair nach raibh tú le mo thaobh;
Bhainfinn póigín mhilis díot is choinneoinn tú dom féin
I leaba socair teolaí, áit a mbeadh grá agus séan.

Is leanfainn thú in aon áit anois, a mhíle grá,
Thiocfainn go Flaithis Dé leat, dá bhféadfainn a dhul ann;
Tá súil le rí na nGrásta a'm go dtiocfaidh sé fíor fós,
Is go mbeidh tú in éindigh liomsa, mo ghrá is mo mhíle stór.

Tar amach in éineacht liom nuair a bheas an duiliúr glas ag fás,
Súilfidh muid na sléibhte ard', gach cnocán agus gleann,
Mar tá muid óg is aigeanta, lúfar agus saor
Ní bhíonn an tsaoirse éasca, is baintear amach í go daor.

Ach anois a chailín bhigh, tá neart is brí inár láimh;
Ná bíodh ortsa aon éadóchas ach labhair amach go hard,
Bí ag casadh amhrán, an sean-nós atá mé 'rá,
"Currachaí na Trá Báine", is "Bóithríní an Locháin".

Anois, a chailín bhigh, tá mé ag fágáil agat slán,
Is nuair a fheicfeas mé arís tú, go mbeidh tú seacht n-uaire níos fearr,
Beidh mé aníos amárach ar maidin leis an lá,
Bíodh pionta pórtair agat réitithe romham, is bíodh an crúiscín ar an gclár.

An Cheathrú Rua
Tomás Mac Eoin.

Ó b'ait liom comhlúadar an cheoil,
bheith i gcónaí liom ar láimh
Mar chuid de thréithe mo cheantair féin
Bíonn ceol i gcónaí ann
Tagann céadta lá i ndiaidh lae
le bheith páirteach linn ansúid
ag cur fonn le fonn
ag moladh An Cheathrú Rua.
Sín chugam anall do láimh.

Bheadh cáil is clú ar an gCeathrú Rua
Dá mbeinn gan labhairt go brách
Ní inniu ná inné a tharla sé,
ach le blianta fada anall;
An domhan go léir dá siulfá é
Tá mise leat á rá,
Ón gCeathrú Rua má thagann tú,
bíonn fáilte romhat i ngach áit.

Ó d'fhéadfá éalú liom go fóill
Ó dheacrachtaí an tsaol
Ó éalaigh liom go dtí an áit
gur iontach ann an saol
Tá féasta is fleá á gcur ar fáil
Le grá is gean ó chroí
Is í do chuairt ar an gCeathrú Rua,
gur buan a mhairfeas sí.

Seo í an áit ar a dtugtar áird
ar áilleachtaí ár dtír
seo í an áit a bhfuil sásamh le fáil
as nádúir an tsaol.
Tá ceol binn ár sinsir ann
Is nach measúil é mar cheol
Ar gcultúr féin nach uasal é,
Ar fud an tsaol le fáil.

Nach aoibhinn siúl cois cuain go ciúin
Ag Trá an Dóilín,
Nuair a thagann an drúcht
Ó spéir gan smúit
Is an samhradh arís ag teacht,
Nach aoibhinn éisteacht le ceol na n-éan
Nuair a bhíonn ag ghrian ag dul faoi.
Seo í an áit d'óiche is de lá
a fhágfas tú faoi dhraíocht.

Nach mór an spóirt Féile an Dóilín
a seolta nuair a ardaíonn sí,
Seo í ócáid mhór an spóirt,
a dhéanann óg den aois.
Bíonn geallta bád is curachaí ann
Is nach mór na seoda iad,
Báid faoi sheolta ag gabháil Cuan an Fhiir Mhoir.
Sín radharc thar radharcannaí.

Níor mhór do dhuine bliain amháin,
Leis an áit seo a mholadh i gceart;
Níor mhór duit file a fháil nó bard
le go bhfaighfeadh an áit seo a ceart,
Níl a'm le rá ag deireadh an dáin
Ach mar a dúirt mé ag a thúis
Cuireadh muid fonn le fonn
Ag moladh an Cheathrú Rua
Sín chugam anall do láimh.

"An Laoch"
Caitríona Ní Chonaola.

Ag siúl arís
mo chosa tinn
trom tuirseach traochta
sin mar a bhíonn
nuair a bhím ag iarraidh síob
sin saol na hordóige
féachann siad orm
imíonn siad leo,
níl feall nach bhfillleann
Cá bhfuil an laoch
ar dhroim an chapaill bháin
cá bhfuil mo ghrá-sa ?

Curfá:

Tá uailmhian istigh mo chroí
bím ag smaíneamh ort gach oíche
táim de shíor ag bríonglóidigh
ar an aistir
mar tiocfaidh tú ar ball
mar laoch ar chapall bán
táim ag fanacht leis an am
táim ag fanacht leat go brách.

Feicim an bus
feicim an carr
níl tú le feiceáil
tá an ghrian
ag sciorradh síos anois
tá an oíche ag titim
fairim gach fuaim
fairim gach glór
níl tú le cloistéal
fágann gach carr
le taobh an bhóthair mé
gan trua gan taise.

Curfá.

Airim an gleo
féachaim sa treo
mo laoch ar chapall
Léimeann mé suas
agus laghdaítear an luas
sa morris minor
airíonn mé beo
scaipeann an ceo
níl éacht do-dhéanta
ní bheidh cuan
nach bhfágfaidh mé mo théad
tá mo mhian comhlíonta.

Curfá:



Radio na Gaeltachta

*Torthaí, tuairiscí agus tráchtairíocht ar na cluichí
móra agus ar chluichí na Gaeltachta.*

NUAIGHT — EOLAS — CEOL

**SEIRBHÍS BHEO BHRÍOMHAR
SEACHT LÁ NA SEACHTAINE
MAIDIN AGUS TRÁTHNÓNA**

AR NA MEÁNTONNTA NÓ AR VHF 92.5-95 MHz

Bacach na mBóithre. Cólín Ó Finneadha.

Táim tinn is táimse anois dom chrá,
Mar ag taisteal na mbóithre a bhímse gach lá,
Gan pingin i mo phóca ná bróg ar mo sháil,
Is tá ocras is tart orm is ní fada uaim anois an bás.

Curfá:

Is brónach é mo scéal ach is brónaí fós é an bás,
mar tá an galar seo ar na céadta, ach ní thugtar orthu aon aird.
Coinnigh fút do chloigeann is ní fheicfidh tú romhat aon ard,
mar is é an bealach is easca é is ní aireoidh tú uait é go barr.

Is fada mé ag taisteal na mílte chuile lá,
Coisimeige móra fada ach anois faraor tá siad ag éirí gearr,
Mailín faoi m'ascail is róipín faoi mo lár,
Is tá mo thriall anois ar an mbaile seo ach ní aon fháilte romhamsa ann.

Curfá:

Nuair a bhí mise an-óg d'éalaigh uaim mo mháthair,
Réab mo chroí ó chéile is táimse anois i gcruachás;
Is fada siar mo chuimhne a mhaireas go lá an lúbáin
Nuair a bhí mise ag tosaí ag lámhacán bhíodh sise ag déanamh na
bláthai.

Curfá:

Is iomaí sin teach a ndeachas isteach is amach ann
Bhíodh cuid acu go carthanach is bhíodh cuid acu go lách;
Ach ba chuma fós le cuid acu dá bhfaighfinnse díreach ansin bás.
Mar ní raibh mé ach orthu sa mbealach is ag ídiú orthu an aráin.

Curfá.

Saol an Lae Inniu. Máire Bríd Ní Dhonncha.

Seo amhrán atá scríofa agam anois
Do dhaoine óga an tsaoil seo inniu
Seo na daoine atá ar chomhaois liom féin
Is muid ag fanacht leis an saol atá amach romhainn.

I ndairíre, ó, níl sé chomh dona sin
Nó seo mar a deirtear linn..

Dá mbeadh muid anseo blianta fada ó shin
Cén sórt scéil a bheadh le hinseacht againn.

Bhí an saol crua agus tréan
Ach bhí na daoine ar chomhchéim.
Ní raibh difríocht ar bith ag baint leo
D'oilbrigh chuile dhuine crua;
Fiú ag cabhrú i rith an bhrú
Seo é an chaoi ar ritheadh an saol seo fadó.
Ach anois deirimse libh go bhfuil athrú tagtha air
Chuile dhuine is iad éadmhar dá chéile,
Má choinníonn sé seo suas, cén sórt saoil a bheas 'mach romhainn
Saol deacair, saol gránna 'gus crua.

Drugaí, toitíní is ól seo í an chaint ag sean is ag óg
Mar níl le cloisteáil ach í i chuile áit;
Níl 'fhios againn céard is fearr a rá
Ná cén t-am den oíche ná lá 'dtarlódh damáiste
Dúinn féin ná dár gclann.

Mura mbreathnóidh muid amach is orainn féin a bheas an locht
Beidh ár dtír álainn, deas, trína chéile;
Beidh ár seansanna 'ritheach amach
Is beidh muid buartha is cén fáth nach mbeadh
Mar seo é cultúr agus nádúr s'againn féin.

Mura mbreathnóidh muid amach is orainn féin a bheas an locht;
Beidh ár dtír álainn, deas, trína chéile;
Beidh ár seansanna 'ritheach amach
Is beidh muid buartha is cén fáth nach mbeadh
Mar seo é cultúr s'againn féin.
Mar seo é cultúr s'againn féin.

Caoineadh An Ghabha Ghaelaigh.
Liam Ó Donnachadha.

Anróiteach mo scéal - an Gabha Groí Gaelach ar lár,
Ath a' Chóiste faoi bhrón agus Fódhla ag fógaírt dóláis,
Cruachumha atá ar ár gcoíthe is m'faoiseamh faraoir 'ainn le fáil,
O cailleadh an laoch Ionrach, léannta, is d'fhág sinn go tláith.

Ba cheardaí cruinn, cumasach Mícheál i dtosach a ré,
Ag gníomhú go gasta ina chearta ó thúis deireadh lae.
Ach ba mhó é spéis Mhíchíl i geur chun cinn chultúr na nGael,
Is do rinne sé cúrsa traenála nua-oidí dá réir.

Sároide go smior ab ea Mícheál le hiliomad bua,
Ag tabhairt teagaisc is treorach d'ógánaigh le blianta anuas.
Mar Phríomhoide fóna ba mhór é a chlú is a cháil,
I dtír seo na hÉireann ní raibh fear a dhiongbhála le fáil.

Tá Conradh na Gaeilge is an tOireachtas fágtha faoi léan,
O d'imigh an curadh fíorchúntach, an cúltaca tréan.
Gaeilgeoirí na tíre idir óg agus aosta faoi ghruaím,
Agus Mícheál ar iarraidh, ár gcara caoin, cneasta, sa chúis.

Go gcastar le chéile sinn athuair, a Mhíchíl, a stór,
Ins an áras úd álainn le Gaeil ag an Ollchruinniú mór,
Go raibh slóite na nAingeal go síoraí ag seinm duit ceoil,
Is brat Mhuire dod chumhdach i dteannta an Tiarna faoi dheoidh.



TELECOM
ÉIREANN



Curfá

'S mé an rún.
'S liom gach ní.
'S mé an grá;
Solas don lá.

'S mé an rún.
'S liom gach ní.
'S mé an grá;
Solas don lá.

Suímis síos,
Ligimis scíth.
'N áit éaló
Casaimis ceol.

Dún do shúil,
Oscail do chroí.
Tóg mo láimh.
Féach, an tslí.

Curfá

Pian an bhróin,
Briseadh meoin,
Dúnadh an chroí:
Beatha gan bhrí.

Cogadh gan rath,
Cailliúint an ghrá,
Saol iomlán:
Meas tinteáin.

Curfá

Tabhair onóir,
Ceart na mná,
Seas don chóir,
Oíche 'gus lá.

Cara mo chléibh,
Peacach nó naomh,
Pógaim do chos.
Cogadh nó sos?

Curfá

Doras an tsolais.
Fáilte isteach,
Bia don bhothar,
Téimis amach.

'S mé an rún.
'S liom gach ní.
'S mé an grá;
Solas don lá.

'S mé an rún.
'S liom gach ní.
'S mé an ghrá;
Solas don lá.

Beirt gharsún amuigh ag éalú ó stró an tsaoil
Duiliúr glas mar scáth acu, a smaointe ar shiúl;
Gealach úr ag lonradh faoi spéir ghlan na hoíche
Sruthán mear ag gluaiseacht
Iad saor, saor ón bhuairt.

Anseo sólás na coille,
Anseo sásta gan stró
Cá bhfuil le fáil a leithéid,
A leithéid de shuaimhneas?

Beirt gharsún amuigh ag éalú ó stró an tsaoil
Réalta geala ag spreachadh; ó nach aoibhinn dóibh é!
Spideog dhearg ag glaoch; an coinín beag is broc
Gráinneog ina leaba the
Iad saor, saor ón bhuairt.

An bheirt amuigh faoin aer
Iad scartha ón domhan beo
Cá bhfuil le fáil a leithéid,
A leithéid de bhrionglóid?

Beirt gharsún amuigh ag éalú ó stró an tsaoil
Scíth á ligint is iad ar bís
Ceiliúr ina gcroí, síobadh beag ón ghaoth
Na crainn oiriúnach don suíomh.
Suantraí ó chóir ainglí
Iad saor, saor ón bhuairt.

Anseo sólás na coille;
Anseo, sásta gan stró;
Cá bhfuil le fáil a leithéid
A leithéid de bhrionglóid?

Curfá

Ná bíodh brón ort beidh tú ceart
Is gearr go mbeidh an scrúdú thart.
Beidh ort clú agus beidh ort cáil
Ná déan breith go dtí ar ball

Níl mé tinn agus níl mé slán
Níl fágtha anois ach cúpla lá
Níl staidéar déanta agus taimse cinnte
go bhfuil mo shaol-sa deargmhille;
Níl na dánta ar eolas fós -
Tá siad leadránach ar aon nós
Níl na teoirim' de ghlanmheabhair
Mar taimse tuirseach de na leabhair.

Curfá

Tá figiúirí ag eitilt i mo cheann
Níl aon dúch fágtha i mo pheann
Tá dátaí abhus agus dátaí thall
"formulas" le foghlaim gach aon lá.
Déan mar seo é - ní mar siúd
Ná déan arís an dearmad úd;
Tá na briathra ligthe i léig
Tá m'intinn i bhfad i gcéin.

Curfá

Níl aon réiteach ar mo chás;
Faraoir gan mé amuigh sa spás
Áit a bhfaighinnse suaimhneas croí
Saor ó leabhair agus 'mhúinteoirí!
Má fheiceann mise solas lae
Tar éis an anró seo go léir
Molfaidh mise an Ardeist
Má éiríonn liom - sin í an cheist.

Curfá x 2

Nach deas an baile Cor na Móna, an baile a bhfuil mé ann,
Tá daoine deasa croíúla ann, ní as ucht mé féin é rá,
Tá tarraingt ar lucht carrannaí ann, mar gheall ar Pháirc Sheáin Bháin,
Tá Sullivan, na Connollys agus na Seoige tarraingt ann.

Céad slán leis an Oileán Mór, nach é bhí ciúin go leor,
Ní raibh torann carr, ná leoraí ann, ná rud ar bith dá shórt,
Ach anseo ar Chor na Móna, níl fhios agam cén fath,
Ní chodhlófa néal ag carrannaí, trí huair roimhe a' lá.

Nuair a d'éirínn suas ar maidin, bhíodh 'fag' agam is cupán tae,
Bhíodh tinneas cinn 's casacht orm, arís ar feadh an lae,
Bhínn ag súil isteach le Kathleen, 'leath uair tar éis an sé,
Sin an áit a mbíodh an chraic againn, ní tada bheith thíos Tí Sé.

Nuair a smaoiním mar is ceart air, agus mise anois liom féin,
Tá mo chlann ar fad imithe uaim, is ní go maith a thuigim é,
Ach a Rí na Glóire fóir orm, agus tóg an t-uaigneas de mo chroí,
Mar ní mhairfidh mise leis an uaigneas nó go dtiocfaidh mo chlann arís.

Deoraíocht An Bháis. Mícheál Seoige.

Is, a stóirín, thug mé gean duit,
Ní inniu é ná inné
Ach faraor dóite, deacrach,
Ba bheag an mhaith dom é;
Tá mo chroí istigh brúite briste,
Le cuma is caitheamh ' do dhiaidh
Agus is mar sin atá sé anois
Ón uair a d'fhág tú mé.

Is ní raibh fhios agam go raibh múisiam ort
Ná rud ar bith mar é,
Is dá dtagtá, a stór, is é a aithris dom
Is go leigheasfainn é go réidh
Seachas imeacht leat thar sáile anonn
is gan litir uait ná scéal
is mise i gcónaí ag fanacht leat
Ach níor tháinig tú, mo léan!

Is shíl mé nuair a d'imigh tú
nach mbeadh uaigneas orm do dhiaidh
ach ní mar sin a bhí sé
ach ag méadú in aghaidh an lae;
Ag súil ar ais abhaile leat,
ach, a stór, níorbh ann duit é
mar go dtáinig an bás dod éileamh
is ní fillfidh tú go héag.

Is tiocfaidh ráithe an Earraigh
is beidh ceiliúir ag na héin;
is beidh mise fós in m'aonar
is mé fágtha anseo liom féin.
Nach uaigneach é an baile anois,
is tú sínte i bhfad i gcéin
I bhfad ó Chonamara,
is ó do mhuintir féin.

Is tá mo shaolsa uilig in aimhréidh anois
is beidh go dté mé i gcé;,
is mura dtabharfaidh Dia aon fhóirithint dom
ní i bhfad a mhairfeas mé
mar bím go síoraí ag smaoinemh ort
ach, a Chríost, cén mhaith dom é
mar tá an tsoraíocht idir mise anois
agus stóirín geal mo chléibh.



COMHDHÁIL NAÍSIÚNTA NA GAELIGE

86 Sr. Ghardnar Íocht. B.Á.C. 1; Teil. (01) 365572
Faics (01) 366846

an fámne
Suaithneantas na Gaeilge

eolaslann

Seirbhís eolais don phobal

glór na nGael

*Ag togáil pobal le nasc
na Gaeilge*

feachtais

*Oideachas; Craolachán;
Eaglais; Oige*

coláistí samhraidh

Eolas faoi 60 coláistí

Caoineadh an Chairdinéil O Fiaich.

Tom Pheadrí Mac Diarmada.

Ar an 8^ú lá ' Bhealtaine sea chuala an scéal cráite
Ar raidió, ar pháipéar is ar scáileán Teleffis'
Ar a' raidió áitiúil, is gach deis cumarsáide
Gur éag ár bhfear grástúil, An Cairdinéal Ó Fiaich.

Chrom mé mo cheann is tháinig deoir liom le fána
Mar thiocfaidh ó pháiste, anuas le mo ghrua
D'agair mé paidir ó mo sheanchroí bhí cráite
Le hanam mo Bhráthar a bhí ag déanamh ar an uaigh.

Chuir mé aithne fadó 'n lá air ag cruinniú ' dTí 'n ArdMhaoir
Ag an dream úd mí-náireach dá dtugtaí an L- F- M
Ach nuair chuala siad ón ardán an óráid ghéar, ghéireach,
Chrom siad síos a gceann nár hardaíodh ó shin.

Níl focal ná moladh dá bhféadfaí a rá leis
dá scríofaí ar pháipéar ná dá bhféadfaí a ríomh
Bheadh sách maith le rá leis an ArdEaspag grámhar
An Cairdinéal álainn úd, Tomás O Fiaich.

Ag Lourdes na Fraince, faraor, sea a tharla
É ' guí na nGrásta ag a' nGrotó taobh thíos
Nuair a bhuail an arraing ghránna a chroí na cheart-lár
'S ní raibh dochúirí ná mánla a leigheasfadh an phian.

Mí Iúil 1960, i Munich na Gearmáine
Sea casadh na seanchairde ar a chéile arís
Mé féin is an Cairdinéal láimh leis an ardán
'S mé Dá ghlacadh óna lámha ag Cómhgháil Chorp Críost.

Arís lár na mhárach ag dráma na Páise
Milliún daoine air a' stánadh ar feadh 8 n'uaire 'chloig
Ag féachaint ar fhulaingt is ar sciúrsáil an tSlánaitheora
Is ar ala an ama É crochta, ar lár, ar an gCrois.

Noiméad 'na dhiaidh sin ar maidin Dhomhnach Cásca
D'éirigh an Slánaitheoir slán aníos faoi réim 's gan lot,
Shín Sé amach a dhá lámh a' spáint lorg na diáirní
A' spáint míorúilt an bháis gan smál is gan locht.

A Mhuire na gCoinneal, is a Ghiniúint gan Smál,
Achainí áirim ar an lá seo ort,
Ar mbuanchara Tomás bheith leat ar bharr láimhe
Abhaile go Páras na nGrást' sna Flathis anocht.

Olagón Róise (An Ghaeltacht) Tomás Ó Flaithearta.

Tá scéal a'm le haithris
Scéal cráite agus léin é
Mo theanga atá ag éagadh
Táim gan suadh gan saoi
Tá mo Shéasar thar sáile (aire na Gaeltachta)
Agus m'aireacht gan forás léi
Is níl faoiseamh i ndán dom
Mura bhfaighfead é sa gCill.

Sé m'aimm ná Róise
Is mé an mháthair a bhí ag Róisín
An infón úd a d'fhág mé
ag gol is ag caoi;
Chuaigh sí don Mhór-Roinn
Agus chaill sí a náire
Thréig sí oidhreacht a cine.

Is uaim a d'eascair na ríthe,
Cúchulainn 's an Chraobh Rua
Na Fianna, na laochra
Na baird is na draoithe;
Bainne mo chíche
Thug an soraíd úd don Phiarsach
Is ní raibh teanga níos ársa
Ins an nGréig ná sa Traoi.

Tá m'óige gan ríochan
Gan spiorad, gan spíonadh
Ní háil leo mo thréithe
Mo cheol ná mo spraí
Is nuair 'castar dá chéile iad
i gcosán ná i gcóngar
Tá siad ag caint is ag cómhra
I dteanga Sheáin Bhuí.

Sin chugaibh mo scéalsa.
Nach duairc is nach léannmhar
Níl slánú i ndán dom
Ach miorúilt ó Dhia
Táim im'Dhroimfhionn Donn Dilís
Ar na coillte is na riasca.
Gan stádas, gan aitheantas
In aon cheard den tír.

Siúd mar a chaith mé an Domhnach ar chnocáinín 'mo shuí,
'S mé ag macnamh dom i m'intinn ar sheanteachain ceann tuí,
A bhí trasna uaim an bóithrín is gan aon fhuinneog air ná díon,
Níl fágtha ach na ballaí de, an simléar is an dá bhinn.

Nár dheas é an teachain seo ag tús na fichiú haois',
Is nár dheas é le linn ré na gcloch agus an aoil.
É réitithe amach is cóirithe le súgáin is le tuí,
Is a Dhia, nár bh é an mansion é le linn óige Mháirtín is Bhríd'.

Cuimhne shean-ghasúirín ní scarfaidh leat go deo;
Feicim fós im intinn an tine úd a' dó,
Duine acu ar gach taobh de is gan aon chabhair acu ach Dia,
Leanbh ná clann ó ní raibh ann le breathnú ina dhiaidh.

Nach iomaí scéal a d'inseodh sé dá mbeadh sé in ann labhairt,
Faoi na daoine áitiúla a bhíodh ann ar cuairt,
Nach iomaí cuairteoir a chaith riamh ann oíche is ba mhór é siúd le rá,
Mar uaisle mór' ár dtíre ó chaith siad saoire ann tráth.

Tá pictiúirí den teachain seo idir scratháí, rachtaí is díon,
Crochta ar na hallaí ins gach gailearaí is museam,
Ach anois ó tá sé tréigthe is a Dhia nár mhór an feall,
Tá 'chuid úinéirí sa gcré ina luí ag cur nóiníní ag fás.

Chaitheas-sa ráithe in aontíos le ráclach
Is a cáilíocht ba dheacair a chomhaireamh
I seomraín beag suarach a bhí mé go huaigheach
'S na dreancaidí m'ithe is mo leonadh.

An t-uisce sa grúsca deineadh de smuasach
'S na pluideanna bhí go tais le mo chnámha
'S go raibh maidí seaca 'na seasamh ar mo leaba
'S an ghaoth fhuar ag fuaimniú im chluasa.

An tinteán bhí nocht, teas ní facthas ó chroch
An saor cloiche brice ar a stuaice
'S an simléir bhí lán la cága is le cráin
'S an stolla anuas bhí mo phlúchadh.

An tae bhí go lag, an t-arán bhí go tearc
'S an siúcra 'na ghráinní bhí comhartha
'S Bean Uí Mhaoileoin, a súil seabhaic ar mo thóin
Ar fhaitíos go n-íosfainse crústa.

An phuisbhean gan rath, a mharaigh a fear
Le hocras, le tart is le cruatan
'S gur sheol a clann féin thar sáile i gcéin
Ar fhaitíos go gcaithfí leo punta.

A streille de smig lán le fionnadh is geir
A pluca ar dhatha na móna
A súile claon feill', a píob mar chraobh tuirc
A brollach gan cheardaíocht gan chumraíocht.

Drothrath ar a baic, a drisiúr, a teach
Na míola go ndéana í a thórramh
Sa gcill go mbeidh féasta ag cnuimh agus péiste
Ag smalcadh a teanga lábúrtha.

Na francaigh a' cartadh, na luchá á halpadh
Na ciaróga ag cnagadh a cónra
A plaosc ag na seilmeidí, a croí ag na feithéidí
Na deargadaoil go ndéana di smúire.

Inis Fódla
Máire Ní Chatháin.

Bhí cáil riamh
Ar an oileán s'againne
I gcúrsaí staire
Thar lear 's ag baile.
D'fhan sí neodrach
i rith an chogaidh mhóir;
Leathnaigh a cáil
Is mhéadaigh a glóir.

Shaibhrigh Na Ceiltigh í
go fairsing cóir
Le hornáidíocht chasta,
álainn, óir,
Shaibhrigh freisin í
le briathra a mbéil
An Ghaeilge uasal,
mhilis, shéimh.

Shlad Na Lochlannaigh
is rinne réabadh mór,
Ach d'athraigh a meon:
sheas Na Gaeil an fód.
Thóg siad cathracha
Is bailte mór'
Thit i ngrá le Gaeil
Is phós na scórtha.

Oileán na Naomh is na nOllamh
A tugadh ar an tír seo tráth;
Éire atá uirthi sa mBunreacht
Ainm níos Gaelaí 's b'fhéidir níos fearr.

Bhí cáil riamh
Ar an oileán s'againne
Meastú an mbeidh go deo?
I gcúrsaí staire
Thar lear 's ag baile
Ag fás, an ea
Nó ag feo?

Caithfidh muid fanacht
Go bhfeicfidh muid linn
Tá An Ghaeilge sách nearmhar fós;
Ní ar an seandream uilig
Atá an todhchaí ag brath
Ach ar ghníomhaíochtaí
Is toil an aos' óig.

Na Turtair Na Cúntóirí

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
ar a bhfuil béil mhóra mhillteacha agus cosa scartha
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
ar a bhfuil bhéil mhóra mhillteacha agus cosa scartha
a bhfuil bandaí daite ar a lámha fada
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
ar a bhfuil bhéil mhóra mhillteacha agus cosa scartha
a bhfuil bandaí daite ar a lámha fada.
Laochra móra cróga ar fad iad
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.


Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
ar a bhfuil bhéil mhóra mhillteacha agus cosa scartha
a bhfuil bandaí daite ar a lámha fada.
Laochra móra cróga ar fad iad
agus is é Splinter féin an Francach grámhar
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa
a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh
a bhfuil blaoscanna ar chnámh' a ndroma
ar a bhfuil bhéil mhóra mhillteacha agus cosa scartha
a bhfuil bandaí daite ar a lámha fada.
Laochra móra cróga ar fad iad
agus is é Splinter féin an Francach grámhar
a tháinig anall as críoch na Seapáine
a mhúin dóibh cleasa agus geaitís áirithe
a iompraíonn na saighid is na sceanna fada
ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach,
fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrac.

Seo iad na Turtair mhóra ghlasa a chónaíonn i séarach thíos faoin talamh a bhfuil blaoscanna ar chnámhí' a ndroma ar a bhfuil bhéil mhóra mhillteacha agus cosa scartha a bhfuil bandaí daite ar a lámha fada. Laochra móra cróga ar fad iad 'Sé Shredder boc na mbiorra' géara lena éadan gránna chomh dubh le sméara Ach is lag an fód a sheasann seisean in aghaidh Donatello agus a fhoireann téagartha is é Splinter féin an Francach grámhar a tháinig anall as críoch na Seapáine a mhúin dóibh cleasa agus geatsí áirithe len iad a chosaint ó naimhde a iompraíonn na saighid is na sceanna fada ag ithe pizzas agus ag ól uisce salach, fuilleach na mboicíní thall i Nua-Eabhrach.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua
(091) 95169




Más Pairtí, Bainis, ná aon chineál cóisir atá uait,
tabharfar aire sa Dóilín dhuit.

Tá an dá Dhóilín ann.

CLÓDÓIRÍ
CLOE - DOOREE
CLOWDOORI
CLO - DOÓR - Í


Is cuma cén chaoi a mbreathnaíonn tú ar -
 Ciallaíonn sé priondaíl den scoth.



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 93251 / 93157. Facs: 93159.



ARAN SEABIRD

Ag seoladh as Ros a'Mhíl dhá uair ar a laghad gach lá

go

OILEÁIN ÁRANN

i 40 nóiméad

CEANGAL SPEisialta BUS IDIR GAILLIMH AGUS ROS A'MHÍL

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:

Victoria Place, Gaillimh

nó ar an gcéibh i:

Ros a'Mhíl

nó glaoigh ar:


091-61767/72273

an fhéile phan
 cheilteach
 idirnáisiúnta



the international
 pan celtic
 festival

GAILLIMH, ÉIRE
2 Aibreán - 7 April, 1991



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Cholaíste Ollscoile na Gaillimhe
AN CHEATHRÚ RUA CO. NA GAILLIMHE.

Riaradh : Pleananna Gaeilge do Theaghlaigh gan
Ghaeilge

Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí agus do
Dhaoine Fásta ó Charna go Camus go dtí
An Spidéal.

Pleananna Gaeilge i gcomhar le
Coistí Áitiúla agus Comharchumainn.

Reachtáil : Scéim Fostaíochta Sóisialta
Cúrsa do Chúntóirí Gaeilge
Tionscadal Oiliúna Don Oíge sa Phobal

Reachtáil : Cúrsaí éagsúla trí Ghaeilge :
Próiseáil Focal, Ríomhaireacht, Garchabhair,
Ceamara Físe, Ealaíon & rí.

Maraon le seirbhís leabharlann Ghaeilge, seirbhísí
oifige, clóscríobh, fótachóipeáil, Facs.

Chomh maith le : Dianchúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn &
do Dhaoine Fásta, Cúrsaí Gaeilge LSS
do ghrúpaí.

Go n-éirí go geal le Comórtas na nAmhrán i 1991

Light - 5.80
Heavy - 0.25
Payment - 3.00
9.65